
**Shake Shack:** James Mac Gearailt, Harley Williams, agus Jack Regan
Tá an ghrúpa seo ag déanamh creatháin bhainne - Milkshakes. Beidh 5 rogha difriúla agus beidh siad á ndéanamh ag Margadh na Nollag. Costas €3

**Blocanna na Nollag:** Seán Ó Conchúir, Séan Ó Fiannachta, Paddy Ó Riain, Eoin Ó hIlleard
Tá an ghrúpa seo ag déanamh Blocanna na Nollag. Is ón bhfeirm chrainn Nollag Devane's, feirm dhúchasach lonnaithe i gcroílár Bhaile Riach, a fuaireadar an t-adhmad agus na géaga glasa a chuireadar ar an mbloc atá maisithe go deas le maisiúcháin na Nollag.
Tá costas €15 ar an mbloc.



**Léamh ár Leithnise:** Páidí Mac Gearailt, James de Hóra, Cora Ní Shlatarra, Róisin Dalby, Meadhbh Nic An Ultaigh
Tá an ghrúpa seo ag déanamh leabhar as Gaolainn le nathanna cainte agus eolas faoi sainchomharthaí na leithnise.
Is leabhar ní hamháin a oireann do thurasóirí ach do mhuintir na Gaeltachta chomh maith. Is tobar eolais atá i gceist sa leabhar seo agus tá súil acu go bhfoghlaimeoidh sibh, na léitheoirí, rud éigint faoi Chorca Dhuibhne agus cultúr an áit. Costas €7.50




**Bearradh Gruaige:** Beidh Páidí Mac Gearailt ag tabhairt bearraí gruaige chomh maith leis an leabhar atá sé ag déanamh. €6 dos na taobhanna amháin, €8 dod' cheann ar fad!

Bearradh Gruaige

**Potaí Beo:** Kíla Masset, Emily Nic Gearailt, Laura Ní Ghrifín
Tá an ghrúpa seo ag déanamh coinnle i bpota agus nuair atá an choinneal úsáidte agat tá síolta agus ithir ann chun planda a chur sa phota céanna. Tá €8 ar an rud ar fad.

